

Treoirleabhar do thuismitheoirí
Ag tógáil clainne le Gaeilge



by Máiréad Ní Chinnéide

Cén teanga?

Bíonn an cinneadh a dhéanann tuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt lena gclann ceangailte lena gcúlra teanga féin, lena bhféiniúlacht agus lena mian phearsanta maidir leis an sochaí is mian leo a chothú dá bpáistí. Tuigeann a lán acu go bhfuil an cinneadh atá déanta acu lánach do thodhchaí na Gaeilge mar theanga bhaile agus mar theanga phobail.

Is í labhairt teanga a beatha, agus gan chainteoírí dúchais ní slán don teanga mar mheán. Is iad a dhéanann í a athnuachan agus a aclú go nádúrtha agus a ghléasann í chun dul faoin saol mór mar a gcuirtear cló na teicneolaíochta, na tionsclaíochta, na fógraíochta uirthi.

Is rud nádúrtha é go dtógfadh tuismitheoirí a gclann sa teanga sin a labhair a sinsear ar feadh dhá mhíle bliain ar a laghad, teanga a bhfuil saíocht agus gaois ár sinsir le fáil inti agus a thugann féiniúlacht do mhuintir na tíre seo. Tá na tuismitheoirí sin ag cabhrú lena gclann seilbh a fháil ar a ndúchas trí chumas labhartha agus smaointeoireachta ar leith a thabhairt dóibh.

Tá buntáistí eile ar ndóigh le páistí a thógáil le Gaeilge in Éirinn – buntáistí an dátheangachais. Tuigeann tuismitheoirí a dhéanann cinneadh clann a thógáil le Gaeilge go mbeidh dhá theanga ag a bpáistí, Gaeilge agus Béarla, agus mar thoradh air sin go mbeidh na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas acu ar feadh a saoil. Is gá a aithint áfach gur rud casta é sealbhú teanga, go háirithe nuair is teanga í nach bhfuil á húsáid go forleathan i measc an phobail.

Is gá eolas, spreagadh agus comhairle a bheith ar fáil do thuismitheoirí a roghnaíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile agus is chuige sin atá Comhluadar ag cur an treoirleabhair seo ar fáil.

Clár

Bíodh Comhluadar agat	4
Focal ón gCathaoirleach	5
Focal ón Údar	6
Caibidil 1: Clann a thógáil le Gaeilge	7
Caibidil 2: Buntáistí an Dátheangachais	13
Caibidil 3: Forbairt Teanga	17
Caibidil 4: Scolaíocht LánGhaeilge	25
Caibidil 5: Ceisteanna a chuirtear go minic	31
Aguisín: Sóláthróirí Áiseanna	39

Bíodh Comhluadar agat...

An bhfuil Gaeilge á labhairt sa bhaile? Má tá, níl tú leat féin; tá Comhluadar ann le tacú leat. Bunaíodh an eagraíocht Comhluadar i 1993 le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Tá teaghlaigh á gclárú ag Comhluadar chun grúpaí áitiúla a bhunú ar fud na tíre.

Nuair a chláraíonn tú le Comhluadar tá tú ag oscailt doras nua cumarsáide duit féin agus do do chlann. Is cuma cá bhfuil sibh in bhur gcónaí, cén líofacht atá agaibh, nó cén t-aoisghrúpa ina bhfuil sibh, tá fáilte romhaibh teacht i gComhluadar linn.

Cuireann Comhluadar tacaíocht ar fáil mar seo a leanas:

- **Seirbhísí Eolais agus Comhairleacha**
Ceist agat? Comhairle nó eolas uait? Beimid in ann freagraí a thabhairt duit agus ár dtaithe a roinnt leat, nó tú a threorú i dtreo na foinsé eolais cuí.
- **Teaghlaigh a Chur in Aithne dá Chéile**
Beidh deis agat aithne a chur ar dhaoine eile i do cheantar atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge freisin. Is iomaí cairdeas a bhunaítear i gComhluadar – cairdeas idir thuismitheoirí agus idir páistí.
- **Ócáidí Sóisialta agus Oideachasúla**
I rith na bliana, tugtar cuireadh do thuismitheoirí agus do pháistí teacht le chéile ag réimse leathan ócáidí - m.sh. cóisirí, ceardlanna, imeachtaí, turais, taispeántais, srl. Gliondar orainn go mbíonn Gaeilge líofa ag Daidí na Nollag!
- **Seirbhísí trí Ghaeilge a éileamh**
Guth aontaithe sinn ar mhaithe le cearta teaghlaigh i gcás seirbhísí riachtanacha poiblí.

Más spéis leat clárú linn nó tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil linn ag:

Comhluadar

7 Sráid Lombard Thoir, Baile Átha Cliath 2.

Fón: +353 1 671 5116 Facs: +353 1 671 0477

Fóin póca: +353 87 290 8391 / +353 87 230 3289

Ríomhphost: eolas@comhluadar.ie

Suíomh: www.comhluadar.ie

Focal ón gCathaoirleach

Is le bród a thapaím an deis seo chun labhairt leat mar Chathaoirleach ar Chomhluadar, an eagraíocht a thugann tacaíocht agus treoir do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge.

Ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil le húdar an leabhair seo, Máire Ní Chinnéide, le Mairéad Uí Dhomhnaill agus le Máire Ní Scannláin a bhailigh an t-eolas go léir sa taisce eolais ar chúl an leabhair, le Feargal Ó Cuilinn a mhol agus a chinntigh athchló an leabhair seo, le Sadhbh Devlin agus le gach duine eile idir dearthóirí, ealaíontóirí srl. a raibh lámh chúnta acu sa saothar ríthábhachtach seo.

Is iomaí cúis atá ag tuismitheoirí a gclann a thógáil le Gaeilge. Uaireanta, is ceist fhéiniúlachta í nó ceist cúla teanga, grá don Ghaeilge nó mian shimplí mhacánta an tuismitheora go mbeidh a pháiste líofa ina theanga dhúchais agus é in ann a shaol a chaitheamh, go nádúrtha, trí Ghaeilge.

Tá saibhreas ar leith bainteach leis an nGaeilge. Eascraíonn scileanna breise teangan, intleachta agus sóisialta as an dátheangachas agus ar ndóigh, tá rogha níos leithne ar fáil maidir le cúrsaí fostaíochta. Lena chois sin, cinntíonn labhairt na Gaeilge sa bhaile an t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin. Tá an Ghaeilge mar theanga labhartha laethúil agus tá caomhnú na Gaeilge mar theanga bheo fite fuaite ina chéile, ní hamháin i gcomhthéacs an tí agus é ina áit is nádúrtha do shealbhú teanga, ach mar theanga an phobail freisin.

Is dúshlán é gan aon amhras a bheith ag tógáil clainne le Gaeilge, ach sa treoirleabhar seo, gheobhaidh tú eolas agus comhairle phraiticiúil a chuirfidh go mór le do chuid mhisnigh agus a spreagfaidh tú leanúint ar aghaidh nó tosú fiú, ar an nGaeilge a labhairt mar theanga an tí. Beidh Comhluadar ann le tacú leat i gcónaí. Tabharfaimis faoin nGaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn mar theanga an teaghlaigh le fonn agus díograis agus muid ag taisteal an bhóthair i dteannta a chéile.

Esther Göbl Uí Nualláin

Focal ón Údar

Nífhéadfaí an treoirleabhar seo a scríobh gan an chabhair a thug tuismitheoirí Comhluadar dom. D'fhreastail tuismitheoirí áirithe ar chruinniú i mBaile Átha Cliath chun na ceisteanna atá faoi chaibidil sa leabhar a phlé. D'fhreagair cuid acu ceistiúchán agus labhair tuismitheoirí eile go pearsanta liom faoin taithí a bhí acu féin ag tógáil clainne le Gaeilge. Tá mé go mór faoi chomaoin acu go léir agus le Máiréad Uí Dhomhnaill a d'eagraigh ionchur na dtuismitheoirí san obair, ar a raibh na cúraimí go léir a bhaineann le foilsíú leabhair agus a bhí i gcónaí ar fáil le comhairle agus cabhair. Tá buíochas ar leith ag gabháil do Sheosamh Mac Donncha, a thug comhairle luachmhar dom le linn don obair a bheith ar siúl, agus do na daoine eile a léigh an téacs agus a rinne moltaí fiúntacha ina thaobh: Martine Smith, Máire Nic Ghiolla Phádraig, Helen Uí Chiosáin agus Donla uí Bhraonáin. Mo bhuíochas freisin le Fionnuala Ní Mhuirí a raibh a saineolas ar chúrsaí ríomhaireachta ina chuidiú mór. Mé féin amháin atá freagrach as botún ar bith atá ann.

Máiréad Ní Chinnéide (2001)

caibidil 1

Clann a thógáil le Gaeilge



Conas tabhairt faoi chlann a thógáil le Gaeilge...

Aithnítear go forleathan dlúthcheangal a bheith idir cumas duine chun teanga a labhairt agus líon na ndeiseanna a bhíonn aige chun an teanga sin a chloisteáil agus a labhairt. Ar an ábhar sin ba chóir gurbh í príomhaidhm tuismitheoirí, atá ag tógáil páiste le Gaeilge, gach deis a thabhairt dó Gaeilge a chloisteáil, agus Gaeilge a labhairt. Agus ar an ábhar go bhfuil teorainn leis na deiseanna a bhíonn ag páiste Gaeilge a chloisteáil agus a labhairt creideann Comhlúadar gurb é an bealach is fearr chun clann a thógáil le Gaeilge ná Gaeilge a bheith á labhairt leis na páistí ag na tuismitheoirí an t-am ar fad. Is féidir cur leis seo trí:

- gaolta agus cairde a bhfuil Gaeilge acu a spreagadh le Gaeilge a labhairt leis na páistí,
- úsáid a bhaint, an oiread agus is féidir, as cláir raidió, cláir teilifíse, leabhair, físeáin, ceol srl. atá ar fáil i nGaeilge,
- cur ar chumas na bpáistí Gaeilge a úsáid agus a chloisteáil taobh amuigh den teaghlach, mar shampla trí fhreastal ar imeachtaí Gaeilge, trí chuairt a thabhairt ar an nGaeltacht srl.

Ar an ábhar gur mór an méid Béarla a chloisfidh an páiste agus a labhróidh sé de réir mar a fhásann sé, is inmholta an oiread Gaeilge agus is féidir a labhairt leis sna blianta tosaigh. Ón lá a thagann páiste ar an saol bíonn sé ag éisteacht le fuaimeanna agus ag sealbhú teanga. Is fiú do thuismitheoirí a chinntiú ón tús go mbíonn cláir Ghaeilge ar siúl ar an raidió agus ar an teilifís, téipeanna Gaeilge á seinm sa ghluaisteán agus thar gach rud eile Gaeilge á labhairt acu leis an bpáiste ón chéad lá.


Nuair is nós le duine teanga ar leith a labhairt le daoine áirithe, fiú le páistí, is deacair an nósmaireacht sin a athrú. Dá bhrí sin is fusa nós labhartha na Gaeilge mar phríomhtheanga theaghlach a bhuanú má labhraítear Gaeilge leis an bpáiste ón tús. Chuige seo is fiú an cinneadh maidir le teanga labhartha an teaghlach a bheith déanta sula saolaítear an chéad pháiste más féidir, agus eolas a bheith ag na tuismitheoirí ar an bhfoclóir agus ar an téarmaíocht nua a bheidh ag teastáil nuair a bheidh páiste nua sa teach.

Ní bhíonn na deiseanna céanna ag gach teaghlach. I gcásanna áirithe ní bhíonn Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin, i gcásanna eile ní bhíonn ann ach tuismitheoir amháin, agus tá teaghlach ann nach mbíonn daoine le Gaeilge i gcaidreamh leo ach go hannamh. Mar sin is gá breathnú ar na roghanna éagsúla atá ar fáil agus ceann a roghnú a thugann an deis is fearr don pháiste s'agatsa Gaeilge a chloisteáil agus a labhairt.

Nuair a bhíonn Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí...

Má tá Gaeilge ag an mbeirt agaibh, is féidir a shocrú gurb í an Ghaeilge an teanga a labhróidh sibh leis an bpáiste an t-am ar fad. Ar an bhealach seo tá sibh ag féachaint chuige go mbeidh bunús maith Gaeilge ag an bpáiste sula dtagann sé faoi thionchar an Bhéarla. Tá sé tábhachtach Gaeilge a bheith á labhairt eadraibh féin an t-am ar fad freisin mar go mbeidh an páiste ag sealbhú na Gaeilge trí bheith ag éisteacht le daoine eile ag labhairt Gaeilge chomh maith le bheith ag éisteacht le daoine ag labhairt leis féin.

Más thuismitheoirí sibh a chuir aithne ar a chéile trí Bhéarla agus más é an Béarla an gnáthmheán cumarsáide eadraibh go fóill seans go dtógfaidh sé tamall oraibh dul i dtaithe ar labhairt na Gaeilge. Ar an ábhar sin is fiú tréaniarracht a dhéanamh nós labhartha an Bhéarla a athrú go Gaeilge chomh luath agus a bheidh cinneadh déanta agaibh bhur gclann a thógáil le Gaeilge.



Nuair a bhíonn Gaeilge ag tuismitheoir amháin agus Béarla ag an tuismitheoir eile...

Is féidir páistí a thógáil le Gaeilge nuair nach mbíonn Gaeilge ag an bheirt thuismitheoirí ach an straitéis cheart teanga a aimsiú. Deich faoin gcéad de na teaghlaigh atá cláraithe le Comhluadar, is teaghlaigh iad ina bhfuil Gaeilge ag tuismitheoir amháin agus Béarla nó teanga eile á labhairt ag an tuismitheoir eile leis na páistí. (Tá cúpla teaghlach ann inar shealbhaigh na páistí dhá theanga óna dtuismitheoirí agus an tríú teanga lasmuigh den teach). Is é an socrú is fearr go labhródh tuismitheoir le Gaeilge an teanga sin amháin leis an bpáiste. Is gá don tuismitheoir seo a bheith diongbháilte faoi agus cloí leis an nGaeilge an t-am ar fad. Chomh maith leis sin is gá dó/di oiread ama agus is féidir a chaitheamh ag caint agus ag spraoi leis an bpáiste agus ag léamh dó. Ná déan dearmad – dá mhéad Gaeilge dá gcloiseann an páiste is amhlaidh is fearr a bheidh sé ábalta í a shealbhú, a úsáid agus a ionramháil.

Tá sé tábhachtach freisin tacaíocht na beirte tuismitheoirí a bheith leis an gcinneadh na páistí a thógáil le Gaeilge. Tá sé riachtanach an tuismitheoir atá gan Ghaeilge a bheith ar a shuaimhneas leis an gcinneadh agus sásta tacú leis. D'fhéadfadh sé tacaíocht a thabhairt trí bheith dearfach faoin Ghaeilge i gcónaí, trí fhreastal ar imeachtaí Gaeilge leis na páistí, breathnú ar chlár theilifíse Gaeilge leo, agus iad a spreagadh chun Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir leo. B'fhiú go mór, dá mb'fhéidir, don tuismitheoir atá ar bheagán Gaeilge freastal ar rang Gaeilge agus iarracht a dhéanamh í a fhoghlaim i dteannta an pháiste. D'fhéadfadh sé a dhóthain Ghaeilge a fhoghlaim chun an chaint idir an tuismitheoir eile agus an páiste a thuiscint agus comhráití simplí a bheith aige leis an bpáiste. Dá mb'fhéidir, b'innmholta é beagán Gaeilge a bheith in úsáid idir na tuismitheoirí ag amanna rialta nuair a bhíonn an páiste i láthair. D'fheadfaí nós a thosú mar shampla gan ach Gaeilge a labhairt ag am dinnéir.

Nuair a bhíonn an páiste faoi chúram feighlí gan Ghaeilge...

Nuair is gá an páiste a fhágáil faoi chúram feighlí ba chóir tréaniarracht a dhéanamh feighlí linbh le Gaeilge a fháil agus a mhíniú dó/di gur mhian leat go labhródh sé/sí Gaeilge leis an bpáiste i gcónaí. Faoi láthair, áfach, tá sé an-deacair teacht ar fheighlithe linbh le Gaeilge agus chuile sheans go mbeidh ort dul i muinín feighlí linbh nó naíolainne gan Ghaeilge. Sa chás seo b'fhiú a chur in iúl don fheighlí, nó do stiúrthóir na naíolainne, gurb í an Ghaeilge teanga bhaile an pháiste agus iarraidh air/uirthi an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid i rith an lae. D'fhéadfá, mar shampla, fiseáin, nó caiséid Ghaeilge a fhágáil ag an bhfeighlí le seinm don pháiste nó leabhair Ghaeilge le léamh dó. Cuir ina luí ar an bhfeighlí gur cheart iarrachtaí an pháiste chun Gaeilge a labhairt a mholadh seachas iad a cháineadh nó magadh a dhéanamh fúthu.

Mura mbíonn páiste i dtimpeallacht Ghaeilge i rith an lae ní mór iarracht bhreise a dhéanamh chun an oiread Gaeilge agus is féidir a labhairt leis nuair a bhíonn sé sa bhaile. Féach chuige go mbíonn ar a laghad uair a chloig ann chun súgradh leis an bpáiste, scéal a insint dó nó gníomhaíocht éigin a dhéanamh i bpáirt leis. Agus tú i féin i mbun obair an tí, nó ag déanamh rud éigin i bpáirt leis an bpáiste, bí ag caint leis.



Ag aistriú teanga an teaghlaigh ó Bhéarla go Gaeilge

Ar chúiseanna éagsúla ní ritheann sé le tuismitheoirí áirithe clann a thógáil le Gaeilge go dtí go mbíonn duine de na páistí in aois chun freastal ar naíonra nó ar scoil. Ócáid mhór mhothúchánach do thuismitheoirí is ea saolú linbh agus is minic nach mbíonn an tuismitheoir a tógadh le Béarla ar a chompord ag labhairt leis an leanbh i nGaeilge. Bíonn bá aige leis an teanga áfach agus cuirtear an páiste chuig naíonra nó Gaelscoil. Ó bheith páirteach in obair an naíonra agus ó bheith ag caint leis an bpáiste faoina mbíonn ar siúl ann, tosaíonn an tuismitheoir ag baint úsáide as nathanna cainte a bhaineann le saol an pháiste. Nuair a fheiceann tuismitheoir a laghad stró a chuireann sé ar an pháiste an Ghaeilge a shealbhú ag an naíonra nó sa Gaelscoil spreagtar é nó í uaireanta chun an Ghaeilge a bheith mar phríomh-theanga bhaile.

Más é seo an cás is féidir na straitéisí thuas a úsáid de réir mar is cuí. Má tá Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí, ba cheart dóibh Gaeilge a labhairt lena chéile agus leis na páistí an t-am ar fad. Má tá Gaeilge ag tuismitheoir amháin ba cheart don tuismitheoir sin Gaeilge a labhairt leis na páistí an t-am ar fad, le tacaíocht an tuismitheora eile. Ach cibé socrú a dhéanfar tá sé tábhachtach an bheirt thuismitheoirí a bheith aontaithe faoi. Ba inmholta an beartas nua a phlé leis na páistí má tá siad in inmhe é a thuiscint. Ina dhiaidh sin is gá breathnú air mar phróiseas a chuirfear i bhfeidhm de réir a chéile agus céimeanna insroichte a shocrú le chéile. Mar shampla d'fhéadfaí a shocrú an Ghaeilge a bheith in úsáid ar dtús ag amanna áirithe: m.sh. Gaeilge ag béilte agus ag am dul a luí, Béarla an chuid eile den am, nó Gaeilge ag an deireadh seachtaine agus Béarla ar laethanta eile. D'fhéadfaí cur leis na hamanna/laethanta ina mbeadh an Ghaeilge in úsáid de réir a chéile.

Ní móide go n-éireoidh libh nósmaireacht teanga an teaghlaigh a athrú thar oíche, agus ar feadh tréimhse tá seans maith ann go mbeidh idir pháistí agus thuismitheoirí ag malartú ó Ghaeilge go Béarla go rialta. Ní údar lagmhisnigh é seo. Láidreofar nós labhartha na Gaeilge de réir a chéile ach sibh ag coimeád leis an iarracht, agus ní bheidh an claonadh chomh láidir agaibh iompú ar an mBéarla i ngan fhios. Ba mhór an chabhair aithne a chur ar theaghlaigh eile atá ag déanamh na hiarrachta céanna nó atá tar éis dul tríd an phróiseas céanna roimhe seo. D'fheadfaidís a dtaití féin a phlé libh agus comhairle a chur oraibh.

caibidil 2

Buntáistí an Dátheangachais



Cé chomh forleathan agus atá an dátheangachas?

Meastar go mbaineann níos mó ná 60% de mhuintir an domhain leas as dhá theanga nó níos mó ina saol laethúil. Is i dtíortha ar nós na Breataine, na Fraince agus Stáit Aontaithe Mheiricea, tíortha ina bhfuil an chumhacht ag daoine aonteangacha, a fhéachtar ar an dátheanga-chas mar rud neamhchoitianta, ach tá sé sin ag athrú. De réir a chéile tá níos mó aitheantais á thabhairt ag rialtais ar fud an domhain do chearta mionlach a dteanga féin a úsáid agus iad ag plé leis an stát-chóras agus do chearta páistí scolaíocht a fháil trí mheán na teanga sin.

Cad iad buntáistí an dátheangachais?

Léiríonn an staidéar atá déanta ar pháistí dátheangacha go bhfuil dearcadh ar leith ag páiste dátheangach ar fhocail, dearcadh nach bhfuil ag páiste aonteangach. Tuigeann sí ag aois an-óg go bhfuil níos mó ná bealach amháin chun cur síos ar rud. Toisc go bhfuil dlúth-cheangal idir teanga agus smaoineamh tá tionchar aige seo ar chumas smaointeoireachta an pháiste. Maítear freisin go gcuireann an páiste dátheangach níos mó tábhachta le brí an fhocail agus leis an smaoineamh taobh thiar de ná mar a chuireann sí leis an bhfuaim agus go bhféadfadh sé sin cur lena cumas chun plé le smaointe teibí. Deir na saineolaithe freisin go mbíonn aigne níos solúbtha ag an bpáiste dátheangach agus cumas cruthaíochta níos fearr aici. Toisc go mbíonn ar an pháiste dátheangach cinneadh a dhéanamh go minic cé acu teanga is fearr chun labhairt le daoine áirithe meastar go mbíonn sí níos tuisceanaí agus í ag plé le daoine ná mar a bhíonn an páiste aon- -teangach, agus scileanna sóisialta níos fearr aici dá bharr.

Chomh maith leis sin cabhraíonn an dara teanga le páiste an tríú nó an ceathrú teanga a shealbhú. Tuigeann an páiste dátheangach ó aois an-óg go bhfuil bealaí eagsúla sa dá theanga atá aici chun rudaí a rá agus nach é an struchtúr céanna a bhíonn ar gach teanga. Mar shampla ní fada go n-aithníonn an páiste a bhfuil Béarla agus Gaeilge aici an briathar a bheith in áit dhifriúil san abairt sa dá theanga sin:

Chuaigh Mamáí chun an tsiopa: Mammy went to the shop.

Mar sin nuair a thosaíonn sé ar an tríú teanga glacann sí leis gan ceist go bhfuil sí difriúil ón dá theanga atá aici cheana. Tá buntáistí eile leis an dátheangachas nach gá dúinn a scrúdú anseo. Is leor an méid thuas chun a thaispeáint nach gá do thuismitheoirí aon imní a bheith orthu roimh an dátheangachas. Ó thaobh na hÉireann de, ar ndóigh, bíonn untáiste fostaíochta ag daoine óga a bhfuil cumas maith i nGaeilge agus i mBéarla acu, agus le blianta beaga anuas tá méadú suntasach ar líon na bhfostóirí atá ag lorg oibrithe le Gaeilge.

Dearcadh na seirbhísí sláinte ar an dátheangachas

Léiríonn fianaise i gCeanada, sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain Bheag go bhfuil páistí aonteangacha agus páistí dátheangacha ar a laghad ar chomhchéim chomh fada agus a bhaineann sé lena gcumas meabhrach. I gcásanna áirithe ina mbíonn ardchumas líofachta sa dá theanga ag na páistí tá fianaise ann chun a chruthú go bhfuil cumas meabhrach níos fearr acu ná ag páistí aonteangacha. Tráth dá raibh bhí an tuairim ann go mbíonn stór focal níos teoranta ag an bpáiste dátheangach ná mar a bhíonn ag an bpáiste aonteangach ach bhí an tuairim sin bunaithe ar thaighde nár chuir san áireamh an stór focal sa dá theanga a bhíonn ag an bpáiste dátheangach.

Ainneoin go léiríonn an chuid is mó den taighde atá déanta ar an dátheangachas le fiche bliain anuas gur mór an buntáiste do pháiste dhá theanga a bheith aici ó aois an-óg, tá daoine ann fós a dhéanann iarracht a chur ina luí ar thuismitheoirí go gcuirfeadh sé isteach ar fhorbairt intleachtúil an pháiste dhá theanga ón gclabhán a bheith á labhairt léi. Bíonn an tuairim seo corruair ag dochtúirí, síceolaithe, teiripeoirí teanga agus cainte, oibrithe sóisialta agus speisialtóirí eile a mbíonn tuismitheoirí ag brath orthu chun comhairle a fháil.

Eascraíonn an dearcadh seo as easpa taithí agus eolais. Ní gnáth go gcuirtear oiliúint faoi chúrsaí teanga agus faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas san áireamh san oiliúint a chuirtear ar na speisialtóirí agus oideachasóirí atá luaite thuas agus bíonn fadhbanna ag tuismitheoirí atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge dá bharr. Níl ach beagán speisialtóirí oile chun plé le páistí arb í an Ghaeilge teanga an bhaile acu. Tá súil ag Comhluadar dul i ngleic leis an bhfadhb seo de réir a chéile. Táthar ag súil freisin go gcabhróidh an tAcht Teanga, atá á bheartú i láthair na huaire, chun an cheist a chur ina ceart. San idirlinn tá teagmháil déanta ag Comhluadar leis an gCumann Éireannach Teiripeoirí Cainte agus Teanga agus tá liosta san Aguisín de theiripeoirí a bhfuil tuiscint acu ar an dátheangachas agus atá sásta seirbhís a chur ar fáil do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge.



An bhfuil ar chumas páiste an dara teanga a shealbhú ag aois ar bith?

Tá ar chumas duine an dara teanga a shealbhú ag aois ar bith, ach dá luaithe is ea is fearr é. Meastar gur fearr an cumas atá ag páiste chun fuaimeanna teanga a shealbhú roimh aois deich mbliana, agus ina dhiaidh sin go dtéann an cumas sin i laghad. Chomh maith leis sin, dá shine an páiste is ea is mó rudaí a bhíonn ar siúl aici chun a haighe a thógáil ó shealbhú teanga. Tá dlúthbhaint freisin idir gníomhaíochtaí páiste óig agus teanga toisc go mbíonn an oiread sin athrá sa chaint a dhéantar léi sna blianta tosaigh. Chomh maith leis sin, ní bhíonn aon réamhthuairimí ag páiste óg faoi na deacrachtaí a bhaineann le teanga a fhoghlaim agus ní ritheann sé léi gur féidir botúin a dhéanamh.


caibidil 3 Forbairt Teanga



Cé chomh tábhachtach agus atá ról na dtuismitheoirí i bhforbairt Ghaeilge na bpáistí?

Tá ról na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach. Is faoi na tuismitheoirí atá sé dearcadh dearfach ar an nGaeilge a thabhairt do na páistí. Chun sin a dhéanamh ní mór dóibh cúrsaí an tí a phleanáil chun a chinntiú an oiread ócáidí agus is féidir a bheith ag na páistí chun Gaeilge a chloisteáil agus a labhairt. Ní mór dóibh ó am go chéile suí síos le chéile agus measúnú a dhéanamh ar an bplean, féachaint an bhfuil ag éirí leo an rud a bhí beartaithe acu a chur i gcrích. Tá an phleanáil seo riachtanach agus cabhróidh sé le cumas Gaeilge na bpáistí a fhorbairt. Ag an am céanna tá sé tábhachtach go mbainfidh idir tuismitheoirí agus pháistí sásamh agus pléisiúr as cumarsáid a dhéanamh le chéile trí Ghaeilge.

Fiú i dteaghlaigh ina bhfuil cinneadh déanta ag na tuismitheoirí gan ach Gaeilge a labhairt ní mór dóibh a bheith ag smaoineamh ar sheifteanna agus ar straitéisí chun cur le foclóir agus le cumas Gaeilge na bpáistí. Is féidir ceisteanna suimiúla a chur orthu a spreagfaidh iad chun scéal a insint nó cuntas a thabhairt ar eachtra éigin. Is féidir leo páirt a ghlacadh i gcluichí a bhfuil caint mar chuid thábhachtach díobh, cluichí mar shampla ina ligeann páiste air féin gur dochtúir/ banaltra/ garda é. Is féidir cluichí agus comhráit a bhunú ar na cláir Ghaeilge a bhféachann na páistí orthu ar an teilifís. Tá áiseanna eile ann freisin, físeáin, scéalta ar chaiséid, dlúthdhioscaí agus rogha an-mhaith leabhar do pháistí ar féidir le tuismitheoirí leas a bhaint astu. Ceann de na bealaí is fearr chun cumas teanga páistí a fhorbairt is ea scéal a insint nó a léamh dóibh agus comhrá nó cluiche a bhunú ar an scéal sin.



Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfeicfear do na páistí stádas a bheith ag an nGaeilge ina dteach féin, go mbíonn sí le cloisteáil ar an teilifís, agus ar an raidió agus go mbíonn leabhair agus tréimhseacháin Ghaeilge mar chuid d'ábhar léitheoireachta an teaghlaigh. Ní mór do na tuismitheoirí dea-shampla a thabhairt. Mar shampla má bhíonn nós ag na tuismitheoirí breathnú ar chlár Ghaeilge ar an teilifís bíonn seans níos fearr ann go mbeidh na páistí ag breathnú orthu. Ba cheart freisin atmaisféar Gaeilge a chruthú i seomra na bpáistí trí phóstaeir Ghaeilge a chrochadh ar na ballaí agus leabhair agus caiséid Ghaeilge a chur ar na seilfeanna.

Tá sé tábhachtach freisin deis a bheith ag na páistí chun a bheith ag spraoi le páistí eile dá n-aois féin a bhfuil Gaeilge acu. Ní i gcónaí a bhíonn sé sin furasta lasmuigh den Ghaeltacht agus is chuige sin atá Comhluadar ann. Bíonn imeachtaí á reachtáil ag Comhluadar go rialta chun deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháistí aithne a chur ar theaghlaigh eile le Gaeilge. Déan teagmháil le Comhluadar má tá smointe agat faoi imeacht ar leith, nó dá mba mhaithe leat imeacht a eagrú i gcomhar le tuismitheoirí eile. Bealach amháin chun aithne a chur ar theaghlaigh eile i do cheantar atá á dtógáil le Gaeilge is ea na páistí a chur chuig naonra nó chuig Gaelscoil

Tá mac nuasholaithe agam. Tá fonn orm Gaeilge a labhairt leis ach beidh orm é a fhágáil le feighlí gan Ghaeilge nuair a fhillfidh mé ar an obair. An mbeidh deacracht aige idirdhealú a dhéanamh idir an dá theanga nuair a thosóidh sé ag caint?

Is deacracht í seo a bhíonn ag go leor tuismitheoirí atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge agus post acu lasmuigh den teach. Is deacair feighlí le Gaeilge a aimsiú, ach má bhíonn tú diongbháilte faoi Ghaeilge a labhairt le do mhac ní móide go mbeidh aon deacracht aige an dá theanga a dheighilt óna chéile. D'fhéadfadh go mbeidh an dá theanga á mheascadh aige ar feadh tréimhse ach de réir a chéile éireoidh leis idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Tá sé tábhachtach áfach go gcuideoidh tú leis chun an t-idirdhealú sin a dhéanamh. Ní bheidh aon deacracht ag an bpáiste glacadh leis gurb é an Béarla teanga an fheighlí agus an Ghaeilge an teanga a labhróidh tú féin leis. Chuige seo tá sé tábhachtach nach mbeifeá féin ag malartú ó theanga amháin go teanga eile. Ní mór cur san áireamh freisin má bhíonn an páiste faoi chúram feighlí gan Ghaeilge ar feadh ocht n-uaire an chloig gach lá go bhfuil seans maith ann go mbeidh a chumas Béarla chun tosaigh ar a chumas Gaeilge agus go mbeidh sé ag iarraidh Béarla a labhairt sa bhaile. Sa chás seo ní mór duit cloí leis an nGaeilge mar theanga chaidrimh leis an bpáiste. Mínigh dó go bhfuil bealach amháin ag an bhfeighlí chun rudaí a rá agus bealach eile ag a mhuintir sa bhaile. Ó am go ham, má tá sé mór go leor, iarr air an rud atá ráite aige a rá arís i dteanga an bhaile. Má tá sé fós meáite ar Bhéarla a labhairt is fearr ligean leis ach é a fhreagairt i nGaeilge. Ar an mbealach seo beidh cumas tuisceana an pháiste ar an nGaeilge ag forbairt i gcónaí agus is féidir leat iarracht bhreise a dhéanamh ócáidí pléisiúrtha a eagrú ag an deireadh seachtaine nó sna laethanta saoire ag a mbeidh an teaghlach ar fad ag labhairt Gaeilge.

Cén fhad a thógann sé ar an bpáiste idirdhealú a dhéanamh idir dhá theanga?

Is í an tuairim is coitianta ag saineolaithe an lae inniu go dtéann an páiste a bhfuil dhá theanga á gcloisteáil aige ón tús trí thrí staid. Sa chéad staid idir deich mí agus dhá bhliain d'aois bíonn focal amháin nó dhá fhocal aige le haghaidh rud ar leith, nó gníomhaíocht ar leith, agus d'fhéadfadh na focail sin teacht as ceachtar den dá theanga. D'fhéadfadh sé 'deoch' a thabhairt ar chupán bainne agus 'orange' a thabhairt ar ghloine sú oráiste. Más í an Ghaeilge an teanga is mó a chloiseann an páiste tá seans nach ndéarfadh sé focal Béarla ar bith ag an staid seo. Nó más é an Béarla is mó a labhraítear leis tá gach seans ann nach mbraithfidh sé aon ghá le focal Gaeilge a rá. Ní hionann sin agus a rá nach dtuigeann sé gach a bhfuil á rá leis.


Ag an dara staid, thart faoi dhá bhliain d'aois, tosaíonn sé ar dhá fhoclóir ar leith a bheith aige ach d'fhéadfadh sé uaireanta focail ón dá theanga a úsáid in abairt amháin

m.sh. "I want úll." "Give me sú"
"I don't want dul a chodladh"

D'fhéadfadh sé fosta an bhunghramadach chéanna a chur i bhfeidhm sa dá theanga. D'fhéadfadh an páiste a chloiseann níos mó Béarla ná Gaeilge, agus é aineolach ar an difríocht idir 'Is' agus 'Tá', abairt ar nós

"Tá sé cat. Níl sé teidí." a rá in áit "Is cat é. Ní teidí é."

Má tá struchtúr casta gramadaí i dteanga amháin agus struchtúr simplí sa teanga eile bíonn claonadh ag an bpáiste an ceann is simplí a úsáid. Mar fhreagra ar 'An rachaidh tú a luí anois?' is simplí go mór don pháiste 'No' a rá ná 'Ní rachaidh'. Ní tharlaíonn sé sin i gcónaí agus tá go leor páistí ann a chloíonn i gcónaí le struchtúr agus le foclóir aon teanga amháin – is féidir le tuismitheoirí cabhrú leo sin a dhéanamh ach iad féin a bheith diongbháilte faoin nGaeilge a labhairt leo.



Ag an tríú staid bíonn idirdhealú déanta ag an bpáiste idir an dá theanga ach ceanglaíonn sé teanga amháin le daoine áirithe, nó le hócáidí áirithe, m.sh. Gaeilge leis na tuismitheoirí, nó le tuismitheoir ar leith, agus Béarla leis an duine a thugann aire dó, nó feictear dó gurbh í an Ghaeilge an teanga a labhraítear ag na béilte agus ag dul a luí, agus gurb é an Béarla a labhraítear ag amanna eile.

De réir a chéile tuigtear dó go bhfuil struchtúr agus rialacha ar leith ag an dá theanga. Braitheann an méid ama a thógann sé chun dul ó staid a dó go staid a trí ar roinnt rudaí, ina measc pearsantacht agus cumas an pháiste, dearcadh na dtuismitheoirí agus na deiseanna a bhíonn ag an pháiste an dá theanga a chloisteáil. A luaithe agus a thuigeann an páiste foclóir

agus rialacha ar leith a bheith ag an dá teanga tosaíonn sé ag aistriú ó theanga amháin go teanga eile nuair a mheasann sé nach dtuigeann an duine eile é. Aithníonn páistí go tapa cé hiad na daoine ar gá aistriú ar a son. Ní bhíonn an t-aistriúchán i gcónaí cruinn. Uaireanta bainean an páiste casadh as an aistriúchán a oireann dó féin. Níor cheart do thuismitheoirí ábhar taispeántais a dhéanamh de chumas páiste chun aistriú ó theanga amháin go teanga eile ach glacadh leis mar rud nádúrtha.

Tá meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla ag mo pháiste. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Mar atá léirithe againn thuas bíonn ar an bpáiste a bhfuil dhá theanga aige ón gcliaibhán idirdhealú a dhéanamh eatarthu, agus ní rud neamhghnách é le linn na tréimhse sula ndéanann sé an t-idirdhealú meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla a bheith san aon abairt amháin aige. Is minic a ghoilleann an meascán teanga seo ar thuismitheoirí a leagann an-tábhacht ar chruinneas cainte. Ach is beag tairbhe don pháiste a bheith á cháineadh nó á cheartú ag an bpointe seo. D'fhéadfadh an iomarca ceartúcháin ag an staid seo bac a chur ar fhorbairt chainte an pháiste nó d'fhéadfadh leisce a theacht air a bheith páirteach i gcomhrá dá bharr.

Lig dó a scéal a insint ina bhealach féin fiú ma bhíonn air tarraingt as an dá theanga chun sin a dhéanamh. Ach bí ag faire amach do na focail agus do na nathanna Béarla a bhíonn sa chaint aige agus úsáid an leagan Gaeilge díobh nuair a bhíonn tú féin ag caint agus bí cúramach nach mbíonn meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge i do chuid cainte féin. Tá seifteanna éagsúla ann trínar féidir níos mó béime a chur ar an nGaeilge i gcaint an pháiste. D'fhéadfá ligean ort nach dtuigeann tú an páiste, nó tús a chur le cluiche i nGaeilge, nó suí síos leis le leabhar Gaeilge agus scéal a insint dó.

Má leanann an páiste ag meascadh an dá theanga bí foighneach leis. De réir a chéile foghlaimeoidh sé chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu ach idir an dá linn ní mór cabhrú leis. Agus, go dtí go mbeidh an páiste ag an staid ag a mbeidh sé in ann malartú ó theanga go teanga gan iad a mheascadh, déan do dhícheall labhairt leis i nGaeilge an t-am ar fad fiú agus daoine gan Ghaeilge sa teach.



An mbíonn moill ar an pháiste a labhraítear dhá theanga leis tosú ag caint?

Ní féidir riail dhaingean a leagan síos maidir leis an aois ag a dtosaíonn páiste ag caint. De gnáth tosaíonn páiste ag caint idir ocht mí agus cúig mhí déag. Tosaíonn cailíní ag caint beagán níos luaithe ná buachaillí go hiondúil, agus ar an meán tosaíonn an chéad pháiste sa chlann ag caint níos luaithe ná an dara nó an tríú páiste. Ach níl aon fhianaise ann chun a chruthú go ndeir an páiste a labhraítear dhá theanga leis a chéad fhocail níos déanaí ná an páiste nach labhraítear ach teanga amháin leis.

Ach tá baol ann, má bhíonn moill ar an bpáiste caint a dhéanamh go ndéanfadh gaolta, nó fiú daoine ó na seirbhísí sláinte iarracht a chur ina luí ar thuismitheoirí go bhféadfadh bac cainte a bheith ar an bpáiste toisc dhá theanga a bheith á labhairt leis agus gur cheart dóibh cloí le teanga an mhóraithe. Má bhaineann do pháiste dhá bhliain d'aois amach agus gan ar a chumas deich bhfocal a thuigeann tú féin a rá, molaimid duit teagmháil a dhéanamh le Comhlúadar, a bheidh in ann ainm speisialtóra atá eolach ar an dátheangachas a thabhairt duit.


An mbíonn Béarla pháiste a thógtar le Gaeilge ar aonchaighdeán le Béarla pháiste a thógtar le Béarla amháin?

Teanga mhór idirnáisiúnta is ea an Béarla agus tá sé intuigthe go mbeadh tuismitheoirí ag iarraidh Béarla d'ardchaighdeán a bheith ag a gclann. Má bhíonn an páiste sa bhaile an lá ar fad leis an máthair agus gan á labhairt aige ach Gaeilge tá sé nádúrtha go mbeadh an Ghaeilge chun tosaigh ar fhorbairt an Bhéarla. Ní hionann sin agus a rá nach dtuigeann sé Béarla agus chomh luath agus a thosaíonn sé ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh le páistí eile gan Ghaeilge gheofar amach cé mhéad Béarla atá aige. Tá seans ann, más í an Ghaeilge is mó a labhraítear sa bhaile, nach mbeadh a fhoclóir Béarla chomh leathan ná a chomhréir chomh forbartha nuair a thosódh sé ag labhairt Béarla, agus abairtí ar nós 'You milled that on me' agus 'You made that wrong', a rá aige. Ach ní gá a bheith buartha. Tiocfaidh forbairt ar a chumas Béarla go han-tapa. Déanann an chuid is mó de pháistí aonteangacha botúin. Cuid den phróiseas sealbhaithe teanga é botúin a dhéanamh.

Bíonn stór focal níos mó de ghnáth ag an pháiste aonteangach ná mar a bhíonn ag an pháiste dátheangach i gceachtar den dá theanga ach nuair a chuirtear an dá theanga le chéile is mó go mór foclóir an pháiste dhátheangaigh. Is gnáth go mbíonn foclóir mór go leor ag páistí dátheangacha chun iad féin a chur in iúl go héasca i gceachtar den dá theanga.

An mbíonn an dá theanga ag páiste dátheangach i gcónaí ar chomhchaighdeán?

Is fíorannamh a bhíonn dhá theanga ar chomhchaighdeán ag aon duine a bhfuil dhá theanga aige nó aici. Is gnáth go mbíonn tréimhsí ann nuair a bhíonn teanga amháin níos láidre ná an teanga eile. Má chaitheann páiste tréimhse sa Ghaeltacht agus gan á labhairt aige ach Gaeilge tá gach seans go mbeidh an Ghaeilge níos láidre aige nuair a fhilleann sé abhaile. Ach féadann sé sin athrú arís agus má chaitheann sé cuid mhór den lá faoi chúram feighlí gan Ghaeilge beidh a chumas Béarla chun tosaigh ar a chumas Gaeilge. Is gnáthrud freisin ag an duine dátheangach go mbíonn sé níos mó ar a chompord nuair a bhíonn sé ag caint faoi ábhair áirithe i dteanga amháin agus ábhair eile i dteanga eile. Má fhreastalaíonn páiste ar chúrsa ríomhaireachta i mBéarla tá gach seans ann go mbeadh sé níos éasca aige an t-ábhar sin a phlé i mBéarla in ainneoin Gaeilge a bheith ar a thoil aige. Mar an gcéanna beidh sé níos éasca ag páiste a fhoghlaimíonn an mhatamaitic trí Ghaeilge ar scoil an t-ábhar sin a phlé i nGaeilge.



An mbíonn difríocht idir nósmaireacht teanga an chéad pháiste sa chlann agus na bpáistí a thagann ina dhiaidh?

Faoin am a saolaítear an dara páiste is gnáth go mbíonn nósanna teanga sa teaghlach socraithe, agus más í an Ghaeilge a labhraíonn an páiste is sine lena thuismitheoirí is í is dóichí a labhróidh na páistí eile leo. Ach glacann an dara páiste sampla ó nósanna labhartha an chéad pháiste chomh maith le nósanna labhartha na dtuismitheoirí agus más nós leis an gcéad pháiste Béarla a labhairt leis an dara páiste nó lena chairde, gach seans gurb é a labhróidh sé leis an bpáiste is óige. Tá sé tábhachtach mar sin nuair a shaolaítear leanbh nua sa teach go ndéarfai leis an bpáiste/na páistí eile sa teaghlach gur mian leis na thuismitheoirí é/iad bheith ag labhairt i nGaeilge leis an leanbh nua ionas go mbeidh Gaeilge aige freisin.

caibidil 4


Scolaíocht LánGhaeilge



Ar cheart do pháiste atá á thógáil le Gaeilge tosú ag léamh sa teanga sin?

Moltar léitheoireacht a mhúineadh sa teanga a bhíonn ag an bpáiste sa bhaile, ag glacadh leis gurb í sin an teanga a bhfuil an cumas is fearr aici inti. Scil inti féin is ea an léitheoireacht agus chomh luath agus a bhíonn an scil sin ag páiste ní bhíonn deacracht aici í a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Má bhíonn sé de nós ag tuismitheoirí leabhair i nGaeilge a léamh dá bpáistí tá gach seans ann go dtosóidh na páistí ag léamh uathu féin fiú sula dtéann siad ar scoil. Is féidir cabhrú leo trí na leabhair chéanna a léamh arís agus arís go dtí go n-aithníonn an páiste cuid de na focail, nó d'fhéadfaí cártaí leis an ainm i nGaeilge orthu a ghreamú ar earraí éagsúla sa teach.

Is mór an áis an léitheoireacht chun cur le foclóir agus le cumas labhartha an pháiste agus a thúisce scileanna léitheoireachta aici ba cheart do thuismitheoirí í a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh. Tá méadú mór ar an ábhar léitheoireachta i nGaeilge atá ar fáil do pháistí le blianta beaga anuas, agus cé nach gclúdaíonn siad fós réimse chomh leathan ábhar agus a chlúdaíonn leabhair i mBéarla, ba cheart do thuismitheoirí a bheith ag faire amach do na leabhair Ghaeilge atá ar fáil don aoisghrúpa ina bhfuil a bpáistí. Mura bhfeiceann an páiste ach leabhair Bhéarla sa teach ceapfaidh sí go bhfuil stádas ag an mBéarla nach bhfuil ag an nGaeilge.



Labhraím Gaeilge i gcónaí le m'íníon atá trí bliana d'aois agus níl aon phost lasmuigh den teach agam. Páistí a tógadh le Béarla is mó a fhreastalaíonn ar an naíonra Gaeilge in aice linn. An aon tairbhe do m'íníon í a chur chuig an naíonra sin?

Cé gur dócha gur mó an méid Gaeilge a gheobhadh an páiste ó thuismitheoir sa bhaile ná sa naíonra tá aois sroichte anois aici ag a mbeadh comhlúadar dá haois féin uathí. Cé nach mbeidh morán Gaeilge ag na páistí eile ar dtús is i nGaeilge a bheidh an idirghníomhaíocht idir iad agus an stiúrthóir agus feicfidh d'íníon go bhfuil daoine eile ann a labhraíonn Gaeilge. Agus cé go dtarlaíonn sé go minic go dtagann feabhas ar chumas Béarla an pháiste a bhfuil Gaeilge aici ón gcliabhán ag an naíonra Gaeilge, ní móide go gcloisfidh sí focal Gaeilge ag naíonra Béarla. Ag an naíonra Gaeilge foghlaimeoidh sí amhráin agus rannta Gaeilge agus gheobhaidh an mháthair eolas faoi leabhair, faoi fhíseáin agus faoi áiseanna eile a bheadh oiriúnach do pháistí óga. Cuirfidh sí aithne ar thuismitheoirí eile ar spéis leo an Ghaeilge.

Is iondúil go mbíonn caighdeán ard Gaeilge ag stiúrthóirí na naíonraí agus bealach an-mhaith acu le plé le páistí óga, ach is fearr do thuismitheoirí a fháil amach dóibh féin an bhfuil an stiúrthóir agus an naíonra chun a sástachta sula gcuireann siad a bpáistí ann. Is iondúil go n-eagraíonn stiúrthóirí na naíonraí cruinniú do na thuismitheoirí, ag a ndéantar cur síos ar a mbíonn ar siúl ann. Is fiú an deis seo a úsáid lena mhíniú do stiúrthóir an naíonra go bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag do pháiste agus chun na riachtanais fhorbartha teanga atá aici a phlé. Cuirfidh Comhlúadar comhairle ort faoi seo má théann tú i dteagmháil linn.

Ar chóir dom mo pháiste a chur chuig Gaelscoil nó chuig gnáth-bhunscoil?

Tá buntáistí móra teanga le fáil ag páiste de bharr freastal ar Ghaelscoil agus i measc na mbuntáistí seo tá:

- Saibhriú foclóra. Foghlaimeoidh an páiste téarmaíocht nua Ghaeilge a bhaineann le gach ábhar scoile, m.sh. an mhataimic, tíreolas, eolaíocht, an timpeallacht srl. Ní móide go bhfaigheadh sí an foclóir speisialta seo sa bhaile nó i scoil ina múintear na hábhair trí Bhéarla.
- Feabhsú ar chumas labhartha agus léitheoireachta Gaeilge. Is mó an tacaíocht a gheobhaidh sí chun Gaeilge a labhairt agus a léamh ná mar a gheobhadh sí i scoil Bhéarla.
- Méadú ar dheiseanna chun Gaeilge a labhairt le cairde agus le daoine fásta agus chun nós labhartha na Gaeilge a bhuanú.
- Leathnú léargais ar an nGaeilge agus ar shaol na Gaeilge.
- Méadú ar dheiseanna chun a bheith cairdiúil le daoine eile ar spéis leo an Ghaeilge agus a bheadh ag iarraidh an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga ina saol amach anseo.

Molaimid do thuismitheoirí a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile acu bualadh le príomhoide na scoile agus le múinteoir rang na naíonán chun riachtanais fhorbartha teanga an pháiste a phlé leo. Cuirfidh Comhlúadar comhairle ort faoi seo má théann tú i dteagmháil linn. Sula gcláraíonn tú do pháiste sa scoil is fiú ceist a chur ar an bpríomhoide, nó ar Bhord Bainistíochta na scoile, cé na socrúithe atá ann chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais fhorbartha teanga atá ag páistí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu.

Tá athrú ag teacht ar Ghaeilge m'ínine ó thosaigh sí ar Ghaelscoil. Cad is féidir liom a dhéanamh faoi?

Ní bhíonn an Ghaeilge mar ghnáth-theanga teaghlaigh ach ag céatadán an-bheag de pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna lánGhaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Cé go moltar do thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a chur chuig Gaelscoil méid éigin Gaeilge a labhairt leo sula dtéann siad ann, agus iad a chur chuig naíonra Gaeilge más féidir, is minic páistí ag tosú ar Ghaelscoil gan Gaeilge ar bith acu. Ar an ábhar sin is iondúil go gcaitear an chéad agus an dara bliain ar an bhunscoil ag ullmhú na bpáistí le haghaidh oideachais trí mheán na Gaeilge. Ina dhiaidh sin is i nGaeilge amháin a dhéantar an teagasc.

Ciallaíonn sé seo ar ndóigh go bhfuil na Gaelscoileanna dírithe níos mó, go háirithe sna blianta tosaigh, ar riachtanais pháistí nach mbíonn Gaeilge ó dhúchas acu. Ciallaíonn sé freisin go bhféadfadh do pháiste nathanna agus nósmaireachtaí cainte a phiocadh suas ó na páistí eile sa Ghaelscoil nach bhfuil ach ag foghlaim na Gaeilge go fóill, abairtí ar nós

“Tá sé ag iarraidh tú” in áit “Tá sé do d’iarraidh”
“Sin mo. Sin do.” in áit “Is liomsa é. Is leatsa é.”
“Tá mé ag fáil fuar” in áit “Tá mé ag éirí fuar”
“An bhfuil cead agam briosca?” in áit
“An bhfuil cead agam briosca a bheith agam?”

Is cuid nádúrtha den phróiseas sealbhaithe teanga é seo. Bíonn an páiste ag sealbhú teanga ón gcaint agus ón gcomhrá a chloiseann sí timpeall uirthi. Níl sí fós in ann idirdhealú a dhéanamh idir Gaeilge chruinn agus Gaeilge mhíchruinn agus ní bhíonn an deis aici Gaeilge chruinn a chloisteáil chomh minic céanna agus a chloiseann sí Gaeilge á labhairt ag a cairde atá fós ag foghlaim. Dá bhrí sin d’fhéadfadh mórthionchar a bheith ag struchtúr an Bhéarla ar a cuid Gaeilge. Agus fiú dá dtuigfeadh sí gur Gaeilge mhíchruinn atá ag na páistí eile ba thábhachtaí léi na nathanna cainte a bhíonn ag a cairde a úsáid ná an Ghaeilge chruinn a bhíonn aici óna muintir sa bhaile.

Is minic dhá ‘chineál’ Gaeilge ag páistí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu le linn na tréimhse seo - cineál amháin sa bhaile lena dtuismitheoirí agus le daoine eile a bhfuil cleachtadh acu Gaeilge chruinn a chloisteáil uathu agus an cineál eile lena gcairde ón nGaelscoil agus lena gcuid deirfiúracha agus deartháireacha a théann chuig an scoil chéanna.

Is minic gur ábhar buartha do thuismitheoirí é an “meath,” mar a fheictear dóibh é, ar chumas cainte a gcuid páistí nuair a théann siad chuig Gaelscoil. Ní mór a bheith foighneach. Cé go mbeidh sé deacair srian a chur leat féin uaireanta is beag tairbhe don pháiste é a bheith á ceartú. Ní miste ó am go ham an leagan cruinn d’abairt a mheabhrú di nó é a fhí isteach i do chuid cainte féin. Déan iarracht gach tráthnóna comhrá a dhéanamh léi faoi imeachtaí scoile an lae sin. Ach cuimhnigh gur annamh a bhíonn fonn ar pháistí óga caint a dhéanamh faoi imeachtaí a tharla i gcomhthéacs i bhfad uathu. Déan iarracht í a spreagadh chun féachaint ar chlár Gaeilge ar an teilifís agus leabhair Gaeilge a léamh.

Cé go bhfuil na deacrachtaí seo ann is deacrachtaí iad a shárófáir ach straitéis chinnte a bheith ag an scoil agus ag na tuismitheoirí i gcomhar lena chéile. Agus i bhfianaise na mbuntáistí atá luaite thuas molann Comhluadar do thuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge iad a chur chuig Gaelscoil seachas chuig scoil ina múinteoir na hábhair trí Bhéarla.



Tá m'íníon ag freastal ar Ghaelscoil agus cé go labhraímid Gaeilge léi agus go bhfuil Gaeilge mhaith ag a cairde ón scoil is Béarla a labhraíonn siad nuair a bhíonn siad le chéile taobh amuigh den scoil. An féidir le tuismitheoirí rud ar bith a dhéanamh chun seo a athrú?

Mar chéad chéim d'fhéadfá a fhiosrú cén córas atá ag an scoil chun na páistí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt lena chéile taobh amuigh den scoil. Fiafraigh freisin an labhraítear Gaeilge ag imeachtaí lasmuigh den scoil, ar nós cluichí peile nó camógaíochta, ranganna ceoil agus turais scoile. D'fhéadfadh grúpa tuismitheoirí socrú a dhéanamh na páistí a spreagadh chun cloí le Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn siad ar cuairt i dtithe a chéile. D'fhéadfá iarraidh ar thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge mhaith nó réasúnta acu Gaeilge a labhairt i gcónaí le cairde a bpáistí ón nGaelscoil.

Is féidir leat féin an nósmhaireacht a bhunú Gaeilge amháin a labhairt le cairde do pháiste. Más féidir nós labhartha na Gaeilge a bhunú idir na páistí agus iad fós i rang na naíonán nó fiú sa naíonra tá seans maith, le spreagadh agus mealladh, go leanfaidh an nós sin.

caibidil 5

Ceisteanna a chuirtear go minic



Tá imní orm nach mbeidh Béarla ag mo mhac de thairbhe mé féin agus m'fhear céile a bheith ag labhairt Gaeilge leis?

Ní gá imní ar bith a bheith oraibh. Bheadh sé an-deacair dó gan mórtheanga ar nós an Bhéarla a shealbhú. Beidh sé timpeall air i gcónaí – ar an teilifís, ar an raidió, ag daoine eile sa chlann, ag a chairde srl. Úsáideann páiste na scileanna a d'fhoghlaim siad i sealbhú na chéad teanga chun an dara teanga a shealbhú. Ní bhíonn deacracht acu de ghnáth an dara teanga a thabhairt leo ach iad a bheith i dtimpeallacht ina bhfuil sí á labhairt.

Tógadh le Gaeilge mé. Níl aon pháistí agam go fóill ach nuair a bheidh teastaíonn uaim Gaeilge a labhairt leo. Níl ach beagán Gaeilge ag mo chéile agus tá an tuairim aige go gcuirfeadh sé isteach ar ár bpósadh mise a bheith ag labhairt Gaeilge leis na páistí agus gan ar a chumas an comhrá a thuiscint?

Ní rud neamhghnách é tuismitheoirí a bheith ar mhalairt tuairimí nuair a chaithfidh siad cinneadh a dhéanamh faoi thógáil a bpáistí. Moltar dóibh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le dhá thaobh an scéil a phlé go fuarchúiseach, fiú iad a scríobh síos ar pháipéar. Tá cur síos déanta cheana féin i gcaibidil a dó ar na buntáistí a bhaineann le dhá theanga a bheith ag páiste, gan trácht ar an fhéinmhuinín a thugann sé dó líofacht Ghaeilge a bheith aige. Má tá do chéile fós míshocair leis an smaoineamh tar éis dó an chaibidil sin a léamh is fiú cuid den ábhar ar an dátheangachas atá luaite sa liosta léitheoireachta san aguisín a chur ar fáil dó. Gheobhaidh sé ansin tuairimí saineolaithe ar an dátheangachas.

B'fhiú freisin iarracht a dhéanamh aithne a chur ar thuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus a dtaithí a phlé leo. Beidh fáilte romhaibh freastal ar imeachtaí Comhluadar agus aithne a chur ar thuismitheoirí ar an mbealach sin. Tá go leor de na teaghlaigh atá cláraithe linn sa riocht céanna libh féin – is é sin nach bhfuil Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin agus go labhraíonn an tuismitheoir eile Béarla leis na páistí. Má dhéanann sibh teagmháil le Comhluadar beidh muid ábalta comhairle a chur oraibh maidir leis an straitéis teanga is oiriúnaí daoibh agus sibh a chur i dteagmháil le saineolaithe más gá. Is é an rud is tábhachtaí ar ndóigh tacaíocht na beirte tuismitheoirí a bheith ag cibé cinneadh a dhéanfar maidir le teanga an teaghlaigh.

Tá an nós bunaithe againn an Ghaeilge a bheith mar theanga bhaile againn ach tá mo mháthair, nach bhfuil Gaeilge ar bith aici, ag teacht chun cónaithe linn. Cad é ba cheart dúinn a dhéanamh?

Mar atá ráite go minic cheana againn tá sé tábhachtach gach deis a thapú chun Gaeilge a labhairt leis na páistí agus nós labhartha na Gaeilge a bhuanú sa teach. Cothaíonn sé seo fadhbanna do theaghlach uaireanta nuair a thagann seanmháthair nó seanathair nó duine eile gan Ghaeilge chun cónaithe leo.

I gcás mar seo molaimid do na tuismitheoirí agus do na páistí leanúint ar aghaidh ag labhairt lena chéile i nGaeilge, agus Béarla a labhairt leis an gcuaríteoir. Ba cheart daoibh a mhíniú don chuaríteoir cén fáth sibh a bheith chomh meáite sin ar Ghaeilge a labhairt an t-am ar fad, agus ionas nach mbraithfidh do mháthair í féin a bheith fágtha amach as an chomhrá ba mhaith an smaoineamh achoimre i mBéarla a dhéanamh di.

Ní miste Gaeilge a labhairt leis na páistí ag béilte agus Béarla a labhairt leis an gcuaríteoir. D'fhéadfá duine de na páistí a cheapadh chun aistriúchán a dhéanamh nuair is gá. Cá bhfios nach bhfaighidh sé amach i bhfad níos mó Gaeilge a bheith ag Maimeo, ná mar a shíl sé. Baineann páistí óga an-sult as a bheith ag aistriú go Béarla do dhaoine fásta nó fiú as focail agus abairtí Gaeilge a mhúineadh dóibh.

Níor cheart cosc a chur ar ghaolta labhairt leis na páistí i mBéarla ach déan iarracht a chinntiú go leanfaidh an chaint idir tú féin agus na páistí, agus an chaint idir na páistí féin ar aghaidh i nGaeilge. Ar ndóigh tá sé tábhachtach nach léireodh do mháthair aon dearcadh diúltach i leith na Gaeilge os comhair na bpáistí.



D'fhoghlaim mé féin agus m'fhear céile Gaeilge ar scoil. Tá fonn orainn clann a thógáil le Gaeilge ach braithimid nach mbeadh sé sin nádúrtha nuair nach cainteoirí dúchais sinn, go háirithe nuair nach bhfuil aon Ghaeilge le cloisteáil san áit ina bhfuilimid inár gcónaí?

Má thosaíonn tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge leis an bpáiste ón tús, de réir a chéile ní bhraithfidh siad gur rud mínádúrtha é, agus is cinnte nach mbraithfidh an páiste é. Mar sin féin is minic a bhraitheann tuismitheoirí, a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil, nach bhfuil na focail Ghaeilge acu chun an gaol an-phearsanta atá acu leis an leanbh a chur in iúl. B'ínmholta dóibh, sula mbéarfad an leanbh, teagmháil a dhéanamh le máithreacha eile a thóg clann le Gaeilge agus más féidir, tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht i dteach a bhfuil páistí óga ann.

Tá go leor fianaise ann ón tír seo agus ó thíortha eile chun a thaispeáint gur éirigh le tuismitheoirí a d'fhoghlaim an dara teanga a gclann a thógáil sa teanga sin. Ní cainteoirí ó dhúchas iad ceachtar de na tuismitheoirí in 77% de na teaghlacha atá cláraithe le Comhluadar agus i gcás 17% faoin gcéad eile ní cainteoirí ó dhúchas ach duine amháin de na tuismitheoirí.

Má tá líofacht Ghaeilge ag na tuismitheoirí agus iad in ann gnáthchúrsaí an lae a phlé le chéile níor cheart aon imní a bheith orthu. Ag an am céanna is féidir leo an Ghaeilge atá acu féin a fheabhsú trí bheith ag éisteacht le clár Ghaeilge ar an raidió agus ar an teilifís agus trí bheith ag léamh leabhar agus tréimhseachán Gaeilge. Tá liostaí focal agus téarmaí ar fáil freisin. Tá catalóg foclóirí ar fáil ó An Gúm (féach ar an liosta ar chúl an leabhráin seo.) Dar ndóigh is é an bealach is fearr chun teanga a fheabhsú ná í a úsáid agus b'fhiú do thuismitheoirí fiosrú a dhéanamh faoi imeachtaí Gaeilge a bhíonn ar siúl go háitiúil. Cabhróidh sé go mór leo dul i dtailí ar Ghaeilge amháin a labhairt lena chéile roimh bhreith an chéad linbh.

Tá socraithe agam Gaeilge a labhairt an t-am ar fad leis an bpáiste sa bhaile. Cad ba chóir dom a dhéanamh má thagann duine gan Ghaeilge chugainn ar cuairt?

Mar atá ráite tá sé thar a bheith tábhachtach go gcabhródh tuismitheoirí leis an pháiste an dá theanga a choinneáil scartha óna chéile. Agus má tá socraithe agat go bhfuil tú chun Gaeilge a labhairt an t-am ar fad leisan bpáiste ní mór duit a bheith díoghbháilte faoi agus gan iompú ar an Bhéarla díreach toisc comhrá a bheith ar siúl agat i mBéarla le duine gan Ghaeilge. Is féidir a mhíniú do na cuairteoirí cé chomh tábhachtach agus atá sé seo agus más daoine ciallmhara iad ní ghlacfaidh siad olc as. Níor cheart bac a chur ar an strainséir comhrá i mBéarla, nó i dteanga ar bith eile, a dhéanamh leis an bpáiste ach a chinntiú go leanann an caidreamh a bhíonn idir tú féin agus an páiste i nGaeilge.

Ar cheart dom Gaeilge agus Béarla nó Gaeilge amháin a labhairt le mo pháiste?

Godtí go mbíonn an páiste ag an staid ag a mbíonn sé ar a chumas idirdhealú a dhéanamh idir an dá theanga is fearr dó gan ach teanga amháin a labhairt leis an aon duine amháin. Má tá nós labhartha na Gaeilge bunaithe idir tú féin agus an páiste is fearr gan an nós sin a bhriseadh. Más é an páiste féin a bhriseann an nós agus a labhraíonn Béarla leat d'fhéadfá ligean ort nach dtuigeann tú é, agus b'fhéidir go ndéanfaidh an páiste aistriúchán go Gaeilge duit. Má leanann sé ar aghaidh i mBéarla freagair i nGaeilge é. Cabhraíonn sé leis an bpáiste idirdhealú a dhéanamh idir an dá theanga más féidir leis gach teanga acu a cheangal le duine ar leith.

Is tuismitheoir aonair mé. An féidir liom páiste a thógáil le Gaeilge agus Béarla?

Is féidir. Má labhraíonn an tuismitheoir aonair Gaeilge an t-am ar fad leis an bpáiste agus ligean dó Béarla a shealbhú ón bhfeighlí nó ó ghaolta agus ó chairde níl aon chúis nach bhfásfadh sé suas leis an dá theanga. Is féidir iarraidh ar ghaolta agus ar chairde Gaeilge a labhairt leis an bpáiste freisin. Cabhróidh sé seo leis an bpáiste a thuiscint gur gnáth-mheán cumarsáide í an Ghaeilge. D'fhéadfadh Comhluadar tú a chur i dteagmháil le tuismitheoirí aonair eile a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu.

Tá mé féin agus m'fhear céile tar éis scaradh óna chéile agus bíonn an bheirt pháistí, atá faoi bhun sé bliana d'aois, faoi mo chúram an chuid is mó den am. An gcuirfidh an scaradh isteach ar fhorbairt teanga na bpáistí?

Más í an Ghaeilge a bhí mar theanga bhaile agaibh ba cheart í a choinneáil mar theanga bhaile. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra sin a dhéanamh gan d'fhear céile ann chun tacú leat, ach ar mhaithe leis na páistí is fiú an iarracht a dhéanamh. Bíonn páistí suaithe go leor nuair a scarann a dtuismitheoirí agus dá laghad athruithe dá ndéantar ar shaol an bhaile is amhlaidh is fearr é. Iarr ar d'fhear céile Gaeilge a labhairt leo nuair a bhíonn siad in éineacht leisean. Más amhlaidh go raibh sé de nós agatsa Béarla a labhairt leo agus gurb é a n-athair a labhraíodh Gaeilge leo déan iarracht na páistí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt lena chéile. Ní chóir an Ghaeilge a úsáid mar uirlis riamh in aghaidh a chéile. D'fhéadfadh Comhluadar tú a chur i dteagmháil le tuismitheoirí eile ata sa chás céanna leat.


Diúltaíonn m'íníon Gaeilge a labhairt. Fiú nuair a chuirim ceist uirthi i nGaeilge freagraíonn sí mé i mBéarla agus má iarrtar uirthi i nGaeilge teachtaireacht a thabhairt dá deartháir aistríonn sí an teachtaireacht go Béarla sula dtugann sí í. Cad ba cheart a dhéanamh?

Fiú nuair atá Gaeilge á labhairt ag gach duine eile sa chlann tarlaíonn sé uaireanta go n-iompaíonn páiste amháin ar Bhéarla a labhairt an t-am ar fad nó an chuid is mó den am. De réir suirbhé a rinneadh ar theaghlaigh Comhluadar ba mhinice claonadh i dtreo an Bhéarla i gcás an dara páiste ná i gcás páiste ar bith eile sa chlann.

Bíonn níos mó páistí faoi chúram feighlí gan Ghaeilge anois ná mar a bhíodh agus d'fhéadfadh baint a bheith idir sin agus an méadú ar líon na bpáistí a dhiúltaíonn Gaeilge a labhairt. Ach tarlaíonn sé freisin i dteaghlaigh ina mbíonn an mháthair nó an t-athair sa bhaile an t-am ar fad agus gan á labhairt acu ach Gaeilge.

Uaireanta ní mhaireann an diúltú don Ghaeilge ach seal agus éiríonn leis na tuismitheoirí an páiste a mhealladh ar ais chun Gaeilge a labhairt cuid den am. Ach tá go leor samplaí ann de pháistí a leanann leis an diúltú ar feadh tréimhse an-fhada.

Is gá a bheith tuisceanach leis na páistí seo. Is deacair a dhéanamh amach cén fáth go díreach a mbíonn páiste áirithe meáite ar Bhéarla seachas Gaeilge a labhairt. Ní haon tairbhe é iallach a chur uirthi Gaeilge a labhairt. Ní bheidh de thoradh air ach í a chur in éadan na Gaeilge. Ní foláir nó go bhfuil cúis aici chun Béarla a labhairt ach gach seans gur cúis fho-chomhfhiósach í agus nach dtuigeann an páiste féin í.



B'fhiú do thuismitheoirí an pháiste thuasluaite smaoineamh ar na pointí seo a leanas:-

- An páiste í atá go mór faoi scáth deirféar nó dearthár níos sine ná í agus í ag iarraidh a féiniúlacht féin a chur in iúl?
- An raibh an iomarca ceartúcháin á dhéanamh ar a cuid Gaeilge?
- An gceanglaíonn sí Gaeilge le cáineadh agus obair agus Béarla le súgradh? Más ea, b'fheidir nár mhiste ócáid thaitneamhach a eagrú di féin amháin mar bhealach chun í a mhealladh le Gaeilge a labhairt.
- An ngoilleann sé uirthi sibh a bheith ag labhairt Gaeilge os comhair cairde gan Ghaeilge? Má ghoilleann is féidir teacht ar chomhréiteach léi agus Béarla a labhairt nuair a bhíonn na cairde i láthair ach amháin nuair a bhíonn sibh ag labhairt léi féin go pearsanta.

Is furasta don pháiste atá meáite ar cheisteanna i nGaeilge a fhreagairt i mBéarla i gcónaí na tuismitheoirí a bhrú go dtí an pointe ag a n-iompaíonn siad féin ar an mBéarla. Déan iarracht gan ligean dó sin tarlú. Fiú má bhíonn an comhrá idir tú féin agus an páiste sa dá theanga, tusa ag labhairt i nGaeilge agus ise i mBéarla, beidh a cumas chun Gaeilge a thuiscint ag forbairt an t-am ar fad, agus is beag deacracht a bheidh aici Gaeilge a labhairt nuair a roghnóidh sí sin a dhéanamh.

Bíonn dearcadh diúltach maidir le labhairt na Gaeilge minic go leor ag páistí sna déaga agus, ar nós a lán de na faisin eile a leanann déagóirí, is minic nach maireann an diúltú ach seal. Cabhraigh leo chun freastal ar ócáidí ag a mbíonn daoine óga eile le Gaeilge. Má tá cairde acu atá ag freastal ar Ghaelscoil déan nós den Ghaeilge a labhairt leis na cairde sin. Cabhróidh sé seo leo a fheiceáil gur rud nádúrtha é Gaeilge a úsáid. Cabhraíonn coláistí samhraidh Gaeilge le déagóirí dul i dtaithe ar Ghaeilge a labhairt lena chéile. Ach ní haon mhaith iallach a chur orthu. Tá an síol curtha agaibh. Faoi na daoine óga atá sé a shocrú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad chun ligean dó bláthú.

An gcuirfidh seal in ospidéal isteach ar fhorbairt teanga an pháiste?

Má bhíonn ar pháiste tréimhse fhada a chaitheamh san ospidéal agus gan ach Béarla amháin ag an bhfoireann ann tá gach seans go mbeidh a cumas Béarla chun tosaigh ar a cumas Gaeilge nuair a thagann sí abhaile, ach is féidir leis sin athrú arís. Ba cheart do thuismitheoir a mhíniú d'fhoireann an ospidéil gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an pháiste agus iarraidh orthu Gaeilge a labhairt leis an bpáiste má tá Gaeilge acu. Tá sé tábhachtach nach ndéanfadh foireann an ospidéil ábhar taispeántais as cumas an pháiste chun Gaeilge a labhairt. D'fhéadfadh rud mar sin cur le féinmhúinín páistí áirithe ach i gcásanna eile d'fhéadfadh sé goilliúint ar an bpáiste. Is fiú freisin iarraidh ar chairde agus ar ghaolta a théann ar cuairt chuig an pháiste san ospidéal Gaeilge a labhairt léi. D'fhéadfaidís leabhair nó caiséid Ghaeilge a fhágáil ag an bpáiste. Cá bhfios nach mbeadh banaltra nó cuairteoir istigh sa bharda a bheadh sásta an leabhar a léamh di nó na caiséid a sheimn.

Tá beirt pháistí againn. Cé go labhraíonn siad Gaeilge linn is i mBéarla a labhraíonn siad lena chéile an chuid is mó den am. Cad is féidir linn a dhéanamh chun iad a spreagadh le Gaeilge a labhairt le chéile?

Is ceist an-tábhachtach í seo mar de réir a chéile, ceal úsáide, beidh cumas Gaeilge na bpáistí ag titim ar gcúl. Thairis sin éireoidh sé níos deacra nós labhartha na Gaeilge a chothú agus a bhuanú sa teach. Ní mór do thuismitheoirí a bheith cúramach, áfach, agus gan iallach a chur ar na páistí Gaeilge a labhairt in éadan a dtola. D'fhéadfadh sé sin iad a chur in éadan na Gaeilge. Ba thairbhí go mór cluichí agus ócáidí a phleanáil a spreagadh iad chun Gaeilge a úsáid. Má tá siad óg go leor beidh siad an-sásta gur fiú leis an tuismitheoir a bheith páirteach sa chluiche. Múin cluiche nua dóibh agus má théann siad i dtaithe ar an gcluiche a imirt trí Ghaeilge tá seans maith ann go leanfaidh siad leis i nGaeilge. Is fiú freisin cur leis an achar ama a chaitheann sibh leis na páistí. Bí ag faire amach le haghaidh chlár shuimiúla Ghaeilge ar an teilifís agus féach orthu ina gcuideachta agus déan comhrá fúthu ina ndiaidh. Iarr orthu rialacha na gcluichí ríomhaireachta atá acu a mhíniú duit i nGaeilge más féidir. Beidh sé seo deacair mar is dócha gur i mBéarla atá an chuid is mó de na téarmaí acu. Más féidir cabhraigh leo chun na téarmaí a fháil i nGaeilge. Téigh mar theaghlach chuig imeachtaí poiblí ag a labhraítear Gaeilge. Bíonn liosta díobh ar Ghaeltéar ar an teilifís. Coinnigh súil ar chlár na bhfógraí sa Ghaelscoil le haghaidh imeachtaí Gaeilge sa cheantar.

Déan iarracht freisin comhrá na bpáistí a stiúradh ar ais i dtreo na Gaeilge nuair is féidir. Ná bíodh lagmhisneach ort má mhalartaíonn siad ó theanga go teanga go minic. Beidh an malartú seo ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge ar siúl i ngan fhios dóibh féin an chuid is mó den am. Is féidir leis na tuismitheoirí tionchar a imirt air seo trí theacht isteach sa chomhrá eatarthu ó am go chéile agus an comhrá a stiúradh ar ais i dtreo na Gaeilge ar an mbealach sin.

Tuilleadh eolais uait?

Tá Comhluadar ann le tacú le tuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Tá teaghlach á gclárú ag Comhluadar chun grúpaí áitiúla a bhunú ar fud na tíre. Má tá tuilleadh eolais uait nó más spéis leat clárú linn, déan teagmháil linn ag:

COMHLUADAR

7 Sráid Lombard Thoir, Baile Átha Cliath 2.

Fón: +353 1 671 5116 Facs: +353 1 671 0477

Fóin póca: +353 87 290 8391 / +353 87 230 3289

Ríomhphost: eolas@comhluadar.ie Suíomh: www.comhluadar.ie



SOLÁTHRÓIRÍ ÁISEANNA
RESOURCE SUPPLIERS

Spraoui (Póstaeirí, srl)

Paula Nic Cionnaith, An Lochán Beag, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

T: 091 593 165 E: pnicc@hotmail.com I: www.spraoui-online.com

Futa Fata (Leabhair, Ceol)

Tigh Ruairí, Cartúr Caol, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

T: 091 504612 E: Futa.fata@indigo.ie I: www.futafata.com

Fios Feasa (Cd-Romanna)

Baile na Buaille, An Daingean, Co. Chiarraí.

T: 066 9152465 F: 066 9152492 E: post@fiosfeasa.com I: www.fiosfeasa.com

Litriocht.com (Leabhair)

www.litriocht.com

An Gúm (Leabhair) Réimse leathan catalóg ar fáil – foclóirí, leabhair do pháistí / dhéagóirí / dhaoine fásta, leabhair cheoil, scoile srl.

24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, BÁC 1.

T: 01 889 2800 E: gum@educ.irlgov.ie

Cló Iar-Chonnachta Teo. (Leabhair)

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

T: 091 593307 F: 091 593362 E: cic@iol.ie I: www.cic.ie

Cló Mhaigh Eo (Leabhair)

f/ch Colmán Ó Raghallaigh, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.

T: 094 71744 E: colmanor@iol.ie I: www.leabhar.com

Coiscéim (Leabhair)

Tigh Bhríde, 91, Br. Bhinn Éadair, Páirc na bhFianna, Binn Éadair, BÁC 13.

T: 01 8322509 F: 01 8320131

Cois Life Teo. (Leabhair)

62 Páirc na Rós, Ascaill na Cille, Dún Laoghaire.

T: 01 280 7951 E: eolas@coislife.ie I: www.coislife.ie

Gael-Linn, (Leabhair, Ceol, DVD)

35 Sr. an Dáma, BÁC 2.

T: 01 6751200 E: eolas@gael-linn.ie

Smaointe (Cártaí)

11 An Br. Ard, Port na Binne Uaine, Co. Dhoire BT55 7BG.

T/F: 048 70834372 E: smaointe@iol.ie I: www.smaointe.com

The Glen Gallery (Cártaí)

Business Centre, Clós an Mhargaidh, Sligeach.

T: 071 9144691 I: www.glengallery.com

Cártaí Rúbaí (Cártaí)

26 Bóthar an Draighneáin, Bré, Co. Chill Mhantáin.

T: 086 3365511 E: hello@cartairubai.ie I: www.cartairubai.ie

TG4

Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

T: 091 505050 F: 091 505021 E: eolas@tg4.ie I: www.tg4.ie

RTÉ (raidió agus teilifís)

Domhnach Broc, BÁC 4. E: info@rte.ie I: www.rte.ie

BBC Tuaisceart Éireann

Aonad na Gaeilge, Teach Craolacháin, Ascaill Ormeau, Béal Feirste BT 2 8HQ T: 02890 338101 F: 02890 338807

E: aonad@bbc.co.uk I: www.bbc.co.uk/ni/irish

Raidió na Gaeltachta 92.5-95FM

Casla Co. na Gaillimhe

T: 091 506677

Baile na nGall

T: 066 91 55114

Doirí Beaga

T: 075 312 44 B.Á.C. T: 01 208 2033

Maigh Eo

T: 094 22077 E: rng@rte.ie I: www.rnag.ie

Raidió na Life 106.4 FM

7 Cearnóg Mhuirfean BÁC 2.

T: 6616333 F: 6763966 E: rl106@iol.ie I: www.rnl106.com

Raidió Fáilte

216 Bóthar na bhFál Béal Feirste, BT12 6AH.

T: +44(0)28 9031 0013 E: oifig@raidiofailte.com I: www.raidiofailte.com

Foinse

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

T: 091 595520 F: 091 595524 I: www.foinse.com

Lá Nua

2 Choc Bhaile Haine, Béal Feirste BT17 0LT.

T: 048 90 605050 F: 048 90 605544 E: eolas@nuacht.com I: www.nuacht.com

Saol

(saor in aisce) 7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2. T: 01 6398400 E: saol@eircom.net

Comhar

5 Rae Mhuirfean, BÁC 2.

T: 01 678 5443 F: 01 6785443 E: comhar@eircom.net I: www.comhar-iris.ie

Feasta

An Siopa, 6 Sráid Fhearchair, BÁC 2.

T: 01 4783814 F: 01 4785428 E: feasta@eircom.net I: www.feasta.ie

www.beo.ie

Iris ar an idirlíon

www.anlionra.net

Gréasán Sóisialta

Basic Irish for Parents **Bun-Ghaeilge do Thuismitheoirí**

Forbairt Naíonraí Teoranta, Teach Regus, Bóthar Fhearcair, Baile Átha Cliath 2.

T: 01 4773151 E: eolas@naionrai.ie I: www.naionrai.ie

Gaschaint

le Úna Lawlor. Leabhar frásaí do thuismitheoirí atá ag labhairt Gaeilge sa bhaile. Foilsithe ag An Gúm.

A Parent and Teacher's Guide to Bilingualism

Colin Baker. Multilingual Matters.

Bilingual Children: From Birth To Teens

George Saunders. Multilingual Matters 1998

Our Own Language

Gabrielle Maguire. Multilingual Matters 1991

The Bilingual Family

A Handbook for Parents. Edith Harding and Philip Riley. Cambridge University Press.

SLÁINTE HEALTH

Lia agus Leigheas

leis an Dr. Niall Ó Cléirigh i gcomhar le S.P. Ó Conchúir, Coiscéim

Teiripe Chainte & Urlabhra **Speech Therapy**

Cumann Éireannach na dTeiripoirí Cainte is Urlabhra

29 Plás Gardiner, BÁC 1. T: 01 8787959 E: iaslt@club.ie

ÓG-EAGRAIS YOUTH CLUBS

Cumann na bhFiann

4 Ardán Clifton, Baile na Manach, Co. Átha Cliath.

T: 01 2808091 F: 01 2807665 E: eolas@colaistenabhfiann.ie I: www.colaistenabhfiann.ie

Ógras

Óg-Eagras Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, BÁC 2.

T: 01 4751487 F: 01 4754684 E: ogras@eircom.net I: www.ogras.ie

Feachtas

10, Sráid na Mainistreach Íocht., BÁC 1.

T: 01 8786424 E: feachtas2@eircom.net I: www.gaelteic.com/feachtas

Spleodar

Bearna, Co. na Gaillimhe.

T: 091 388916 E: eolas@spleodar.com I: www.spleodar.com

An Siopa Leabhar Ceilteach

Conradh na Gaeilge, 6 Sr. Fhearchair, BÁC 2. T: 01 478 3814 I: www.egt.ie/lghlin/siopa6

An Café Liteartha

An Daingean, Co. Chiarraí. E: soluasa@cafelit.com T: 066 9152204 I: www.cafelit.com

An Ceathrú Póilí

216 Br. Na bhFál, Béal Feirste. T: 048 90 239303 / 245 255

An Gaeláras

34 Sráid Mhór Shéamais, Doire. T: 048 71 264132

Liam Ruiséal

50 Sráid Oilibhéar Pluincéad, Corcaigh. T: 021 427 0981

An Spailín Fánach

An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

T: 091 553 343 F: 091 553317 E: spailpin@eircom.net I: www.spailpin.com

Cúpla Focal

15-16 Cosán Ailbhe, Bré, Co. Chill Mhantáin.

T: 01 276 5120 F: 01 276 5125 E: siopa@cuplafocal.ie I: www.cuplafocal.ie

EAGRAIS GHAEILGE IRISH ORGANISATIONS

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Fóram d'eagraíochtaí Gaeilge 46 Sráid Chill Dara, BÁC 2.

T: 01 6794780 F: 01 6790214 E: eolas@gaelpport.com I: www.gaelpport.com

Pobal

Scáth-eagras phobal na Gaeilge i dTuaisceart Éireann

216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste, BT12 6AH. T: 048 90 438 132 E: eolas@pobal.org I: www.pobal.org

Comhluadar

7 Sráid Lombard Thoir, Baile Átha Cliath 2.

T: 01 6715116 F: 01 6710477 E: eolas@comhluadar.ie I: www.comhluadar.ie

Forbairt Naíonraí Teoranta

Teach Regus, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

T: 01 4773151 E: eolas@naionrai.ie I: www.naionrai.ie

Conradh na Gaeilge

6 Sr. Fhearchair, BÁC 2.

T: 01 4757401 F: 01 4757844 E: eolas@cnag.ie I: www.cnag.ie

Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta

T: 075 31866 E: gaeiluladh@eircom.net

Foras Gnó na hÉireann

4 Céide Í, Glasnaíon, Baile Átha Cliath 9.

T: 01 8827264 F: 01 8307860 E: oisindr@iol.ie

Forbairt Feirste

Forbairt gnó trí Ghaeilge

199 Bóthar na bhFál, Béal Feirste, BT12 6FB.

T: 048 (028) 904 38597 F: 048 (028) 90439638 E: eolas@forbairtfeirste.com I: www.forbairtfeirste.com

Gael-Linn

35 Sráid an Dáma, BÁC 2.

T: 01 6751200 F: 01 6704180 E: eolas@gael-linn.ie I: www.gael-linn.ie

Gael-Taca

Margaíocht na Gaeilge

Scoil Neasáin, Port Uí Shúilleabháin, Corcaigh.

T: 021- 4310841 F: 021- 4273734 E: gael-taca@gofree.indigo.net

Comhairle na Gaelscolaíochta

Teach an Gheata Thiar, 4 Sráid na Bainríona, Béal Feirste, BT1 6ED.

T: (048) 90 321475 F: (048) 90 324475 E: eolas@comhairle.org I: www.comhairle.org

Gaelscoileanna Teo.

Teach Regus, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

T: 01 4773155 E: oifig@gaelscoileanna.ie I: www.gaelscoileanna.ie

Gaillimh le Gaeilge

Margaíocht & forbairt gnó trí Ghaeilge

Teach na nEalaí, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh

T: 091 568876 / 087 2863075 F: 091 568836 E: eolas@gleg.ie I: www.gleg.ie

Glór na nGael

Comórtas a thugann deis do phobail áitiúla an Ghaeilge a chur chun cinn

Ráth Cairn, Áth Bui, Co. na Mí.

T: 046 9430974 E: eolas@glornangael.ie I: www.glornangael.ie

Iontaobhas na Gaelscolaíochta

199 Bóthar na bhFál, Béal feirste BT12 6FB

T: 028 90 239520 E: eolas@iontaobhasnag.com I: www.iontaobhasnag.com

Iontaobhas Ultach

Eagras maoinithe trasphobail i dTuaisceart Éireann

6-10 Sráid Liam, Ceathrú na hArdeaglaise, Béal Feirste BT1 1PR.

T: (048) 90230749 F: (048) 90321245 E: eolas@ultach.org I: www.ultach.com

Muintearas

Plé le hoideachas agus gach réimse pobail sa Ghaeltacht
Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.

T: 091 551412 F: 091 551277 E: muintearas@muintearas.com I: www.muintearas.com

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

7 Cearnóg Mhuirfean, B.Á.C 2.

T: 01-6398445 E: eolas@cnmg.ie I: www.cnmg.ie

Comhaltas Uladh

Moyard, Dún Geanainn, Co. Thír Eoghain BT71 7QB.

048 90 247222 gaeloiliuint@hotmail.com

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Tulach na hÉigse, Camus, Co. na Gaillimhe.

T: 091-574146 E: eolas@drama-gaeilge.com I: www.drama-gaeilge.com

An tOireachtas

6 Sráid Fhearchair, B.Á.C 2.

T: 01-4753857 E: eolas@antoireachtas.ie I: www.antoireachtas.ie

Altram

GH3 Howard Building, Twin Spires, 155 Northumberland St., Béal Feirste, BT132 JF.

T: 048 90 332517

FORAIS STÁIT STATE AGENCIES

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Dún Aímhírgin, Bóthar Mespil, BÁC 4.

T: 01 647 3000 F: 01 647 3051 E: eolas@pobail.ie I: www.pobail.ie

An Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta

Interpoint, 20-24 Sráid York, Béal Feirste BT15 1AQ. T: 048 90 258825 F: 048 90 258888

Foras na Gaeilge

7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2

T: 01 639 8400 F: 01 639 8401 Saorfón: 1850 325 325 E: eolas@forasnagaeilge.ie I: www.gaeilge.ie

Údarás na Gaeltachta

Ná Forbacha, Co. na Gaillimhe.

T: 091- 503100 F: 091 503101 E: eolas@udaras.ie I: www.udaras.ie

An Comhairle Um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

22 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

T: 01 6340831 E: eolas@cogg.ie I: www.cogg.ie